# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.00**

**ROINN 2 (90 MARC)**
Freagair **TRÍ** cheist.

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leith mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Ná dearmad, le do thoil, go gcaithfear an fillteán comhlánaithe a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

## 1. FLIUCHRAS, TÉAMH DOMHANDA AGUS BÁISTEACH AIGÉADACH


### A. Báisteach Rilífe

Mínigh, le cabhair léaráide, conas a tharlaíonn **báisteach rilífe.**

(10)

### B. Báisteach Aigéadach

Sa **léarscáil thíos** taispeántar na leibhéil den bháisteach aigéadach ar fud na hEorpa.




(i) De réir na léarscáile seo, cé acu **ceann** de na tíortha seo a leanas a mbeidh na **is measa** a raghaidh an bháisteach aigéadach i bhfeidhm uirthi: ***An Spáinn, an R.A, an Fhrainc, an tSualainn?***

(2)

(ii) Déan cur síos ar **dhá shlí** a rachaidh an bháisteach aigéadach i bhfeidhm **(dhá iarmhairt** a bheidh uirthi**)**.

(6)

## C. Téamh Domhanda

Tá an téamh domhanda ag dul i bhfeidhm ar Éirinn cheana féin. Taispeánann tuarascáil nua eolaíochta go bhfuil méadú 0.7 °C tagtha ar mheánteocht na hÉireann le céad bliain anuas agus gur tharla an chuid is mó den mhéadú seo ó 1980 i leith.
De réir na gcomharthaí go léir, leanfaidh na meánteochtaí orthu ag ardú.
Idir an dá linn, táthar ag ceapadh go dtiocfaidh ardú thart ar 15% ar bháisteach an gheimhridh agus táthar ag tuar go dtitfidh leibhéil na báistí sa samhradh de 20%, b'fhéidir. D'fhéadfadh tionchar uafásach a bheith ag na hathruithe aeráide seo ar an talmhaíocht agus ar sholáthair an uisce baile. Táthar ag ceapadh gur in oirthear agus i ndeisceart na tíre is meas a bheidh cúrsaí.

*(Bunaithe ar thuairisc san* ***Irish Examiner*** *10 Meitheamh 2008)*

(i) Freagair na ceisteanna seo a leanas a bhaineann leis an *sliocht nuachtáin thuas:*

(a) Cén méadú atá tagtha ar mheánteochtaí na hÉireann le céad bliain anuas?

(b) Cé acu codanna den tír is measa ina mbeidh cúrsaí de bharr na n-athruithe aeráide a luaitear sa sliocht?

(4)


(ii) Déan cur síos ar **dhá chúis** leis an téamh domhanda.

(8)

## 2. TALMHAÍOCHT AGUS UISCIÚ

### A. Feirm Éireannach

Scrúdaigh an tsracléarscáil den fheirm Éireannach thíos agus freagair na ceisteanna a leanann í:




(i) Cén mhéid, ina heicteáir, atá sa pháirc is mó ar an bhfeirm?

(ii) Cé mhéad heicteár, san iomlán, atá faoi eorna?

(iii) 60 heicteár an t-achar iomlán atá san fheirm. Ríomh céatadán na talún atá faoi bhuanfhéarach.

(iv) Cén fáth ar úsáid chuí talún é crainn bhuaircíneacha a bheith ag fás sa pháirc 3.1 heicteár i dtuaisceart na feirme?

(11)

### B. An Fheirmeoireacht mar Chóras

Is córas í an fheirmeoireacht ina bhfuil **ionchuir, próisis agus aschuir**.

Mínigh na **trí** téarmaí sin agus tabhair sampla de **gach** ceann acu.

(9)

### C. Uisciú

Baineann feirmeacha ar fud an domhain leas uaireanta as tionscadail mhóra uiscithe.


(i) Cad is brí leis an téarma '**uisciú**'?


(ii) Déan cur síos ar thionscadal mór uiscithe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(10)

## 3. DAONRA, CATHRACHA SA DOMHAN i mBÉAL FORBARTHA AGUS CÚNAMH DÉTHAOBHACH

**A.** Scrúdaigh na pirimidí daonra thíos.




Seasann ceann amháin de na pirimidí sin do thír i mbéal forbartha agus an ceann eile do thír fhorbartha.

(i) Luaigh cé acu pirimid a thaispeánann struchtúr daonra **tíre i mbéal forbartha**.

(ii) Déan cur síos ar **dhá mhór-chontrárthacht** (2 dhifríocht) idir na struchtúir dhaonra sa dá thír seo. **Déan tagairt don dá phirimid daonra** nuair a dhéanann tú cur síos ar **gach** contrárthacht díobh.

(10)

**B.** Tá dlús ard daonra ag cur leis na fadhbanna troma ina lán cathracha sa Domhan i mBéal Forbartha.

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa Domhan i mBéal Forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Déan cur síos ar **dhá mhórfhadhb** sa chathair a d'ainmnigh tú.

(10)

**C.** Tá roinnt tíortha ann, agus Éire ina measc, a chuireann cúnamh déthaobhach ar fáil chun an bhochtaineacht a laghdú sa Domhan i mBéal Forbartha.

(i) Cad is brí leis an téarma '**cúnamh déthaobhach**'?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **argóint amháin i bhfabhar** úsáid an chúnaimh mar ghléas chun cabhrú le tíortha sa Domhan i mBéal Forbartha, agus **argóint amháin ina choinne**.

(10)


## 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C** agus **D**.

### A. Creathanna Talún

(i) Ainmnigh áit **amháin** ina dtarlaíonn creathanna talún.

(ii) Scrúdaigh an léaráid a thaispeánann na tonnta turrainge ó chrith talún agus ainmnigh na limistéir a bhfuil na lipéid **A** agus **B** orthu.




(iii) Déan cur síos achomair ar an g**cúis** atá le creathanna talún.

(10)

**B.** **Turasóireacht**





(i) Luaigh **ceithre** chúis a dtagann turasóirí go hÉirinn.

(ii) Bíonn **iarmhairtí nach mbíonn fáilte rompu** ag an turasóireacht mhórscála ar roinnt de na ceantair thurasóireachta.
Déan cur síos ar **dhá** iarmhairt mar sin.

(10)

**C. Imirce an Duine**

(i) Scrúdaigh an bharrachairt a thaispeánann líon na n-inimirceach ó réigiúin éagsúla a raibh cónaí orthu in Éirinn in 2002 agus in 2006.




Sonraí: POS

(a) Cén tír as ar tháinig an líon is mó inimirceach in 2006?

(b) Cén tír is tapúla ar tháinig fás ar an inimirce uaithi go hÉirinn idir 2002 agus 2006?

(c) Ríomh an méadú ar líon na n-inimirceach ón Liotuáin go hÉirinn idir 2002 agus 2006.

(4)

(ii) Mínigh na téarmaí seo a leanas a bhaineann le himirce an duine:

(a) Tosca tarraingthe.

(b) Eisimirceach.

(6)

**D. An t-aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá leis an scrúdpháipéar seo.

(i) Sainaithin agus luaigh suímh **dhá** chineál talamhúsáide **uirbí** atá le feiceáil ar an bhfótagraf.

(ii) Cén t-am den bhliain ar tógadh an fótagraf seo? Mínigh cúis **amháin** le do fhreagra.

(10)

## 5. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar.

**A.** **Tarraing sracléarscáil** den cheantar a thaispeántar ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.

**Taispeáin gach** ceann díobh seo a leanas ar do shracléarscáil agus **cuir lipéad orthu**:

- Fad iomlán an iarnróid mar a thaispeántar ar an léarscáil é
- An limistéar atá faoi fhoirgnimh i mbaile Chill Mhantáin
- Gníomhaíochtaí bádóireachta
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach.

(10)

**B.** (i) Déan achar na farraige a thaispeántar sa léarscáil a mheas ina chiliméadair chearnacha.

(4)

(ii) Tomhais, ina chiliméadair, fad an iarnróid ón stáisiún traenach i gCill Mhantáin ag T 307 947 go dtí an áit ina bhfágann sí an léarscáil ag T 260 933.

(4)

**C.** Cén fáth ar fhorbair baile Chill Mhantáin ag an suíomh seo? Mínigh **trí** chúis.

(12)